**RABHADH**

**Ní mór duit an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar, nó caillfear marcanna.**

Scríobh do Scrúduimhir Anseo

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

---

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2002**

---

# TÍREOLAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

# ROINN 1 - FILLTEÁN

---

DÉ LUAIN 10 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 1.30 go dtí 3.30


---

**ROINN 1 (60 MARC)**

Caithfear tabhairt faoi **GACH** ceist.
Tá rogha agat i dtrí cheist.
Déan deimhin de an fillteán seo a chur faoi iamh le do fhreagarleabhar.
Mura ndéanann tú sin, caillfidh tú marcanna.

1. **GLÉASANNA AIMSIRE**

Scrúdaigh an léaráid thíos agus freagair na ceisteanna seo a leanas.




(i) Usáidtear gléas **A** chun ________________________________________ a thomhas.

(ii) Is é an t-ainm atá ar ghléas **B** ná ________________________________________ .

(iii) Taispeánann gléas **C** go bhfuil an ghaoth ag séideadh ón aird ____________________ .

2. **CARRAIGEACHA**

Cuir **CIORCAL** timpeall ar an bhfreagra ceart i **nGACH** ceann de na ráitis thíos.

**CARRAIG MHEITEAMORFACH / CARRAIG THINE** is ea basalt

An phríomh-charraig a fhaightear i gceantar na Bóirne i gCo. An Chláir ná
**AOLCHLOCH / GAINEAMHCHLOCH**

**CARRAIG MHEITEAMORFACH / CARRAIG DHRÍODAIR** is ea marmar

3. **AN CHAOI A nÚSÁIDTEAR ACHMAINNÍ AN DOMHAIN**

Tá an cartún seo ag tagairt don chaoi a n-úsáidtear acmhainní fuinnimh an domhain.




Ainmnigh **TRÍ** acmhainn fuinnimh nach bhfuil inathnuaite.

1: ___________________________________

2: ___________________________________

3: ___________________________________

4. **ITHREACHA**

Bain feidhm as na focail a thugtar chun na habairtí thíos a chríochnú.


**Ithreacha donna** **Crua-chiseal** **Podsail**

An tíopa ithreach a fhorbraíonn faoi bhun foraoise buaircíní ná ___________________________

An tíopa ithreach is coitianta in Éirinn ná ___________________________

Séard a thugtar ar chiseal crua de ábhar láiste ná ___________________________

## 5. LUACHANNA TALÚN UIRBÍ




Déan staidéar ar na léaráidí a thaispeánann trasghearradh de chathair.

Iarrtar ort na **TRÍ** ráiteas atá ceart a ainmniú.

1. Tá na luachanna talún is airde i lár na cathrach.
2. Ta na luachanna talún is ísle ar imeall na cathrach.
3. I lar na cathrach is mó atá fáil ar fhoirgnimh dhá stór(urlár).
4. Téann na luachanna i méid sa chrios ina bhfuil tithíocht nua agus eastáit thionsclaíocha.
5. I lár na sean-chathrach tá na luachanna talún íseal.

Is iad na ráitis atá **CEART** ná na huimhreacha:
[*Cuir tic ✓ sa bhosca ceart*]

1, 3, 5 ☐

1, 2, 5 ☐

2, 3, 4 ☐

3, 4, 5 ☐

## 6A. RÉIGIÚIN CHOMHAERÁIDE FREAGAIR 6A NÓ 6B



Déan staidéar ar an léarscáil thuas agus ainmnigh an aeráid atá le fáil sa réigiún a bhfuil dath oráiste air.
[*Cuir tic ✓ sa bhosca ceart*]

Aeráid Theomheasartha Aigéanach ☐

Aeráid Fhásaigh ☐

Aeráid Mheánchriosach ☐

**NÓ**

## 6B . STAITISTICÍ AERÁIDE

| **MÍ** | **E** | **F** | **M** | **A** | **B** | **M** | **I** | **L** | **MF** | **DF** | **S** | **N** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Teocht °C** | 26 | 26 | 26 | 27 | 27 | 27 | 26 | 27 | 27 | 27 | 27 | 27 |
| **Frasaíocht Mm** | 305 | 357 | 357 | 320 | 260 | 170 | 150 | 109 | 90 | 85 | 68 | 149 |

Scrúdaigh na sonraí a bhaineann le teocht agus le frasaíocht don stáisiún aimsire thuas.

Cuir **CIORCAL** timpeall ar an bhfreagra ceart i **nGACH** ceann de na ráitis thíos.

Tá an fhrasaíocht níos airde sa tréimhse trí mhí **Bealtaine Meitheamh Iúil / Samhain Nollaig Eanáir**

An teochtraon atá ann ná **1ºC / 26ºC**

An mheánfhrasaíocht do Mheitheamh,Iúil agus Lúnasa ná **429mm / 143 mm**

**7.** **Freagair 7A NÓ 7B**

## 7A OIGHRIÚ

Sna boscaí a chuirtear ar fáil, cuir gach litir i gcolún X leis an uimhir a bhaineann leis i gcolún Y chun péire a dhéanamh. Tá péire amháin déanta duit.

| X | |
|---|---|
| A | Coire |
| B | Airéit |
| C | Fiord |
| D | Gleann Crochta |
| E | Loch Ribíneach |

| Y | |
|---|---|
| 1 | Droim chaol idir dhá choire |
| 2 | Gleann oighrithe crochta os cionn an phríomh-ghleanna |
| 3 | Log ar urlár an ghleanna scuabtha amach ag an oighear |
| 4 | Log agus taobhanna géara leis, ina mbíonn loch |
| 5 | Gleann oighrithe a bádh nuair a d'éirigh leibhéal na farraige |

| | |
|---|---|
| A | ***4*** |
| B | |
| C | |
| D | |
| E | |

**NÓ**

## 7B AN FHARRAIGE

Sna boscaí a chuirtear ar fáil, cuir gach litir i gcolún X leis an litir a bhaineann leis i gcolún Y chun péire a dhéanamh. Tá péire amháin déanta duit.

| X | |
|---|---|
| A | Murlach |
| B | Duirling stoirme |
| C | Tambaló |
| D | Dumhach Ghainimh |
| E | Gob gainimh |

| Y | |
|---|---|
| 1 | Ceanglaíonn sé oileán leis an mórthír |
| 2 | Bá gearrtha amach ón bhfarraige ag meall gainimh |
| 3 | Mullóg ghainimh agus féar muiríneach mar thaca aige |
| 4 | Gaineamh agus scainneagán ag síneadh trasna ar bhá |
| 5 | Déantar é a charnadh nuair a bhíonn na tonnta an-láidir |

| | |
|---|---|
| A | |
| B | |
| C | ***1*** |
| D | |
| E | |

**8.** **FADHBANNA UIRBEACHA**

Ainmnigh **TRÍ** fhadhb a bhaineann le **SRAOILEÁIL UIRBEACH.**


1. ______________________________


2. ______________________________

3. ______________________________

**9.** **SCILLEANNA STAITISTICIÚLA**

Críochnaigh agus cuir lipéid ar an dronuilleog thíos atá roinnte ina chodanna agus úsáid á bhaint agat as an eolas a thaispeántar ar an bpíchairt.




**10.** **TIONSCLAÍOCHT DÉANTÚSAÍOCHTA**

Tionscal **GLUAISTEACH** is ea tionscal nuair:
[*Cuir tic ✓ sa bhosca ceart*]

A fhanann monarcha in áit áirithe cé nach mbíonn an chúis gur lonnaíodh é san áit sin i gceist níos mó. ☐

A chuireann an Rialtas deontais ar fáil chun monarcha nua a thógáil. ☐

A d'fhéadfaí an tionscal seo a lonnú ina lán áiteanna. ☐

A lonnaítear an tionscal in áit ina bhfuil fáil ar ghual. ☐

**11. TRÁDÁIL DHOMHANDA**

Scrúdaigh an t-eolas sa léaráid thíos.

Cuir **CIORCAL** timpeall ar an bhfreagra ceart i **nGACH** ceann de na ráitis thíos.

**Dominica, na hIndiacha Thiar**

| **Príomh-onnmhairí** | **Príomh-allmhairí** |
|---|---|
| Bananaí (50%) | Innealllra |
| Torthaí citrus | Ceimicí |
| Súlach thorthaí | Bia |


Ceannaíonn comhlacht ilnáisiúnta amháin na banánaí go léir atá ag Dominica. Tugann an comhlacht seo buntáistí agus mí-bhuntáistí do Dominica



**Buntáistí**
1. Cuireann sé fostaíocht ar fáil in Dominica
2. Tógann sé bóithre agus calafoirt
3. Tugann sé comhairle ar mhodhanna feirmeoirechta níos fearr

**Mí-bhuntáistí**
1. Téann furmhór na mbrabús thar lear
2. Tá an pá íseal
3. Tá baol ann go bhféadfadh an comhlacht teacht ar chinneadh gan choinne nach bhfuil siad chun a thuilleadh banánaí a cheannach ó Dominica

LUACH DOMHANDA BANÁNAÍ




(i) Sampla is ea Dominica de thír **FHORBARTHA / i mBÉAL FORBARTHA**.

(ii) An praghas a fuair Dominica ar bhanánaí i 1987 bhí sé **NÍOS AIRDE / NÍOS ÍSLE** ná 1980.

(iii) Ainmnigh mí-bhuntáiste amháin do Dominica as a bheith ag díol banánaí le comhlacht ilnáisiúnta.

________________________________________

**12. Freagair 12A nó 12B**

**12A GRÉASÁN LONNAÍOCHTA**

Nuair a bhíonn lonnaíocht tuaithe leagtha amach i líne i ngleann tugtar gréasán

______________________________ air.


**NÓ**

**12B GRÉASÁN DRAENÁLA**

Nuair a thagann craobhaibhneacha abhann le chéile go dronuillinneach sén t-ainm a thugtar ar an ngréasán draenála ná gréasán ______________________________ .

**13.** **STRUCHTÚR FOSTAÍOCHTA**

Scrúdaigh na píghrafanna thíos agus abair cé acu de na píghrafanna a léiríonn struchtúr na fostaíochta i **dTÍR ATÁ i mBÉAL FORBARTHA**
[*cuir tic ✓ sa bhosca ceart*]





Tír A ☐

Tír B ☐

**14.** **FOINSÍ DO THÁIRGEADH LEICTREACHAIS**

Scrúdaigh an barraghraf thíos a thaispeánann na foinsí do chumhacht leictreachais sa bhliain 1978 agus sa bhliain 1992.
Cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra ceart do gach ceann de na habairtí thíos.




Tháinig **LAGHDÚ / MÉADÚ** ar an gcaoi ina rabhamar ag brath ar ola idir 1978 agus 1992


Sa bhliain 1992 bhí gás níos tábhachtaí ná móin **FÍOR / BRÉAGACH**

Idir 1978 agus 1992 tháinig méadú ar an gcaoi ina rabhamar ag brath ar ghual go **25% / 40%**

**15.** **CEANNPHOINTE DO DHAOINE ATÁ AG LORG TEARMAINN**

Déan staidéar ar an bpíchairt a thaispeánann ceanphoinnte do dhaoine a thagann go dtí an C. E. ag lorg tearmainn.

Iarrtar ort na **TRÍ** ráiteas atá ceart a ainmniú.




**1.** Tá an céatadán céanna ag lorg tearmainn sa Fhrainc is atá sa Bheilg.

**2.** Tá an céatadán atá ag lorg tearmainn sa Ghearmáin cothrom leis an gcéatadán don Fhrainc agus don Ísiltír le chéile.

**3.** Tá an céatadán díobhsan atá ag lorg tearmainn sa Ríocht Aontaithe níos mó ná seacht n-uaire níos mó ná céatadán na hÉireann.

**4.** An céatadán atá ag lorg tearmainn in iomlán na dtíortha san Eoraip atá ainmnithe, tá sé níos lú ná an céatadán do “Thíortha eile”.

**5.** An céatadán atá ag lorg tearmainn in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe le chéile, tá sé níos mó ná an céatadán don Ghearmáin.

Is iad na huimhreacha atá **CEART** ná:
[*cuir tic ✓ sa bhosca ceart*]

1, 2, 3 ☐


1, 3, 5 ☐

2, 3, 4 ☐

3, 4, 5 ☐

**16. CÓRAS GAOITHE AN DOMHAIN AGUS NA BRÚCHRIOSANNA**

Cuir ciorcal timpeall ar an bhreagra ceart i n**GACH** cean de na raitis thíos.




1. Na gaotha ag A séard a thugtar orthu ná **GAOTHA TRÁCHTÁLA / GAOTHA FRITH THRÁCHTÁLA**

2. An limistéar lagrach ag B séard a thugtar air ná **NA DOLDROMA / CRIOSANNA NA gCALM**

3. Na gaotha ag C séard a thugtar orthu ná **GAOTHA FRITH-THRÁCHTÁLA ANIAR ANEAS / GAOTHA FRITH-THRÁCHTÁLA ANIAR ADUAIDH**

**17. SUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS**

Ríomh an fad slí feadh an bhóthair R600 idir na háiteanna seo a leanas

**Crois na mBairrillí** (W 609 480) agus an taobh thuaidh den **droichead** ag (W 635 493)

Fad slí ______________________

**18. SUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS**

Déan staidéar ar an léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis agus ar an eochair eolais atá ag gabháil leis.

Cé acu de na hachair seo a leanas is gaire do achar an limistéir farraige ar an taobh ó dheas de thuaidhlíne 47?

20 km² ☐

14 km² ☐

28 km² ☐

24 km² ☐

**19. SUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS**

Déanann na habairtí seo a leanas cur síos ar bhaile atá ar an léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis. Léigh an sliocht agus freagair na ceisteanna thíos.

| |
|---|
| Tá an lonnaíocht suite sa chuid den léarscáil atá ar an taobh thiar thuaidh. |
| Tá oifig an phoist agus teileafón poiblí ann. |
| Tógadh é san áit a mbuaileann dhá bhóthar réigiúnacha len a chéile. |

Ainm na lonnaíochta ____________________________________________

Ainmnigh an da bhóthar réigiúnacha ____________________________________________

**20. SUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS**

An treo ginearálta atá ag an gcósta

**Ó** Phointe Frúir [W 671 469] **GO DTÍ** Pointe an Chalaidh [W 690 490] ná

[*cuir tic ✓ sa bhosca ceart*]

Soir – Siar ☐

Soir ó Dheas – Siar ó Thuaidh ☐

Siar ó Dheas – Soir ó Thuaidh ☐

Ó Thuaidh – Ó Dheas ☐